Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**2010 · S49T**

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2010

# Ealaín Ceardaíocht Gréaschóiriú –*Líníocht*

GNÁTHLEIBHÉAL

*Eisithe do Mhúinteoirí Ealaíne & do Mhic Léinn Ealaíne, Ceardaíochta, Dearaidh ar 26 Aibreán 2010*

***Beidh dáta an scrúdaithe idir***
**4 agus 14 BEALTAINE 2010**

TÁ 100 MARC AG GABHÁIL LEIS AN LÍNÍOCHT

***Ní mór duit staidéar a dhéanamh astu seo***

| | | |
|---|---|---|
| **Catagóir A** | Deilbheacha Nádúrtha | 9.30am–10.30am |
| NÓ | | |
| **Catagóir B** | Deilbheacha Saorga | 9.30am–10.30am |
| AGUS, CHOMH MAITH, AS | | |
| **Catagóir C** | Deilbheacha Daonna | 11.00am–12.30pm |

# *Treoracha do mhúinteoirí agus d'iarrthóirí an Teastais Shóisearaigh 2010 in Ealaín Ceardaíocht Gréaschóiriú*

LÍNÍOCHT

Tá sé den riachtanas go stiúrfaí Scrúdú an Teastais Shóisearaigh in Ealaín, Ceardaíocht, Gréaschóiriú (Líníocht) de réir riachtanais an pháipéar scrúdaithe, *Ealaín, Ceardaíocht, Gréaschóiriú (Líníocht) an Teastais Shóiseartaigh, S49T*, mar a threoraítear ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit. Ní mór don mhúinteoir a dhearbhú go bhfaighidh gach iarrthóir Teastais Shóisearaigh in Ealaín, Ceardaíocht, Gréaschóiriú an páipéar líníochta S49T seacht lá roimh dháta an scrúdaithe.

## Tá ar mhúinteoirí comhairle a chur ar iarrthóirí i dtaca leis na rialacháin a leanas:

LÍNÍOCHT—
Catagóir A Deilbheacha Nádúrtha; nó Catagóir B Deilbheacha Saorga

- Caithfidh na hiarrthóirí an páipéar scrúdaithe S49T, 2010 a fháil seacht lá roimh dháta an scrúdú líníochta. I gcaitheamh an seacht lá seo, tig leis na hiarrthóirí cleachtadh a fháil ar líníocht a dhéanamh bunaithe ar mhír roghnaithe as Catagóir A, Deilbheacha Nádúrtha nó as Catagóir B, Deilbheacha Saorga, mar atá liostaithe ar an bpáipéar scrúdaithe S49T, 2010.
- Caillfidh na hiarrthóirí marcanna sa scéim mharcála faoi na ceannteidil Breathnóireacht agus Léirmhíniú, sa chás go gcuireann siad isteach líníocht de mhír nach bhfuil liostaithe i gceachtar díobh, Catagóir A, Deilbheacha Nádúrtha ná Catagóir B, Deilbheacha Saorga ar an bpáipéar scrúdaithe S49T, 2010.
- Ar lá an scrúdaithe, caithfidh an t-iarrthóir tosú ag obair ar bhileog líníochta bhán, fholamh do Chatagóir A, Deilbheacha Nádúrtha nó do Chatagóir B, Deilbheacha Saorga.
- Más mian leis an iarrthóir úsáid a bhaint as bileoga líníochta daite d'aon chatagóir, ní mór dóibh a bheith folamh gan aon ábhar agus ní mór iad a bheith sínithe ag an bhFeitheoir roimh an scrúdú ar an lá sin.
- Ní ceadmhach don iarrthóir aon chineál obair ealaíne a iompar isteach go dtí an t-ionad scrúdaithe.

# Tá ar mhúinteoirí comhairle a chur ar iarrthóirí i dtaca leis na rialacháin a leanas:

LÍNÍOCHT—Catagóir C Deilbheacha Daonna

- Caithfidh iarrthóirí an páipéar scrúdaithe S49T, 2010 a fháil seacht lá roimh dháta an scrúdú líníochta. I gcaitheamh an seacht lá seo, tig leis na hiarrthóirí cleachtadh a fháil ar an staidiúir ar a bhfuil cur síos déanta i gCatagóir C, Deilbheacha Daonna ón bpáipéar scrúdaithe S49T, 2010.
- Ar lá an scrúdaithe, caithfidh an t-iarrthóir tosú ag obair ar bhileog líníochta bhán, fholamh do Chatagóir C, Deilbheacha Daonna, ar a bhfuil sainchuntas tugtha sa pháipéar scrúdaithe S49T, 2010. Ní mór don iarrthóir líníocht den staidiúir bheo a chur isteach mar a léirítear ar pháipéar scrúdaithe S49T, 2010.
- Más mian leis an iarrthóir úsáid a bhaint as bileoga líníochta daite d'aon chatagóir, ní mór dóibh a bheith folamh gan aon ábhar agus ní mór iad a bheith sínithe ag an bhFeitheoir roimh an scrúdú ar an lá sin.
- Caillfidh na hiarrthóirí marcanna sa scéim mharcála faoi na ceannteidil Breathnóireacht agus Léirmhíniú, sa chás go gcuireann siad isteach líníocht de staidiúir nach bhfuil liostaithe i gCatagóir C, Deilbheacha Daonna ar an bpáipéar scrúdaithe S49T, 2010.
- Ní ceadmhach don iarrthóir aon chineál obair ealaíne a iompar isteach go dtí an t-ionad scrúdaithe.

## *Treoracha d'iarrthóirí*

- Is ceadmhach duit dath a úsáid más mian leat agus meáin oiriúnacha ar bith: Pinn luaidhe, Pastail, Criáin, Peann agus Dúch, Péinteanna, Marcóirí, no cnuasach ar bith díobh seo, chun do líníochtaí a tharraingt.
- Ní ceadmhach duit úsáid a bhaint as buanaitheoir spréite ar d'obair ealaíne.
- Más mian leat úsáid a bhaint as bileoga líníochta daite d'aon chatagóir, ní mór dóibh a bheith folamh gan aon ábhar agus ní mór iad a bheith sínithe ag an bhFeitheoir roimh an scrúdú ar an lá sin.
- Ní ceadmhach bileoga líníochta níos mó ná méid A2 a úsáid.
- Deimhnigh go bhfuil do scrúduimhir cheart scríofa go soiléir sa spás atá ann di ar gach bileog líníochta atá á tabhairt isteach agat le scrudú.
- Cuirfear tús le scrúduithe na nDeilbheacha Nádúrtha agus na nDeilbheacha Saorga araon ar 9.30am agus críochnóidh siad ar 10.30am
- Beidh sos 30 nóiméad ann idir deireadh do chéad rogha scrúdú agus tús scrúdú na nDeilbheacha Daonna a thosóidh ar 11.00am agus a chríochnóidh ar 12.30pm.
- Ceadaítear 90 nóiméad le haghaidh líníocht na nDeilbheacha Daonna, na tréimhsí sosa uile he haghaidh an chuspa bheo san áireamh.
- I rith an scrúdaithe, tabharfaidh an Feitheoir ar ais duit imchlúdach Choimisiún na Scrúduithe Stáit ina bhfuil do shaothar ar an tionscadal 2T, in éineacht le do mhír 3T.
- Nuair a bheidh gach roinn den scrúdú seo thart, ní mór an dá bhileog líníochta a chur san imchlúdach chomh maith leis an gcuid eile de do shaothar tionscadail 2T.
- Deimhnigh, le do thoil, gur athbhreithníodh a bhfuil san imchlúdach lena chinntiú go bhfuil do dhá bhileog líníochta san áireamh ann agus go bhfuil sé seo dearbhaithe ar an gclúdach amuigh.
- Ní mór an t-imclúdach a shéalú i láthair an Fheitheora.
- Ní mór obair 3T a chur in airde ar an imchlúdach séalaithe.

**Is cion é imchlúdach séalaithe de chuid Choimisiún na Scrúduithe Stáit a athoscailt sula dtarlaíonn an mharcáil i mí an Mheithimh.**

## Catagóir A

MARCANNA–BREATHNÓIREACHT 25 · LÉIRMHÍNIÚ 25

# Deilbheacha Nádúrtha

*Roghnaigh ceann amháin as an liosta thíos*

**Adhmad raice**
**Bataí agus clocha**
**Blaoscanna uibhe in ubhchartán oscailte**
**Bláthanna agus sceacha**
**Cairéad lena bhfuil duilliúr glas ceangailte**
**Fíonchaora ar an bhfiniúin**
**Fóid mhóna**
**Muisiriúin, cuid díobh gearrtha agus ina gceathrúna**
**Oráiste leathscafa**
**Rogha d'fhíonchaora agus de chaora**
**Úlla i mála páipéir oscailte**

Tarraing líníocht den fhíor iomlán *nó* líníocht de chuid di a thaitníonn leat.
Is féidir an chuid seo a mhéadú chun béim a chur ar a gnéithe uile.

**NÓ**

## Catagóir B

MARCANNA–BREATHNÓIREACHT 25 · LÉIRMHÍNIÚ 25

# Deilbheacha Saorga

*Roghnaigh ceann amháin as an liosta thíos*

**Bosca uirlisí, agus uirlisí ar taispeáint ann**
**Carn irisí**
**Ciseán de phionnaí éadaigh**
**Clogad iomána**
**Cnónna agus boltaí**
**Glac eochracha**
**Paicéad brioscaí oscailte**
**Páirt innill**
**Pinn agus pinn luaidhe i muga caife**
**Scuab éadaí**
**Uirlis cheoil**

Tarraing líníocht den fhíor iomlán *nó* líníocht de chuid di a thaitníonn leat.
Is féidir an chuid seo a mhéadú chun béim a chur ar a gnéithe uile.

Catagóir C

MARCANNA–BREATHNÓIREACHT 25 · LÉIRMHÍNIÚ 25

## Deilbheacha Daonna

*An staidiúir bheo a éilítear*

**Ba chóir go mbeadh an cuspa beo**
**a sholáthraítear don scrúdú seo suite**
**ar chathaoir ar a s(h)uaimhneas.**

**Ba chóir go mbeadh dhá chois**
**an chuspa leagtha ar an talamh,**
**an chos chlé laistiar den chos dheas.**

**Ba chóir go mbeadh greim ag an gcuspa**
**ar bhuidéal plaisteach uisce ina láimh dheas.**

**Ba chóir go mbeadh lámh chlé an chuspa,**
**agus nuachtán rollaithe inti, ar fos trasna**
**os comhair a c(h)oirp.**

**Ba chóir go mbeadh an cuspa**
**ag féachaint chun tosaigh.**

**Ba chóir go mbeadh radharc ag na hiarrthóirí**
**ar ghnéithe aghaidhe uile an chuspa.**

Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo ag taispeáint na staidiúire iomláine,

**NÓ**

Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo ag taispeáint an chloiginn agus na nguaillí. Caithfear gnéithe uile na haghaidhe is féidir leat a fheiceáil a bhreacadh sa líníocht a tharraingíonn tú.

## *Liosta Seiceála don Tionscadal Gnáthleibhéil*

| | |
|---|---|
| 1. | Ullmhúchán don phéintéireacht nó don ghréaschóiriú grafach |
| 2. | Péintéireacht nó gréaschóiriú grafach déanta |
| 3. | Staidéir thacaíochta don phéintéireacht nó don ghréaschóiriú grafach |
| 4. | Ullmhúchán don 3T |
| 5. | An 3T déanta |
| 6. | Ullmhúchán don rogha (2T nó 3T) |
| 7. | Rogha (2T nó 3T) déanta |
| 8. | Staidéir thacaíochta don 3T agus don rogha |

## *Liosta seiceála don aonad líníochta ag an nGnáthleibhéal*

| | |
|---|---|
| 9. | Líníocht ó dheilbheacha nádúrtha/saorga |
| 10. | Líníocht ó dheilbheacha daonna |

***Ná bíodh ach naoi mbileog ar a mhéad faoi iamh uait don Gnáthleibhéal.***
***Ní mór na bileoga sin a chur sa chlúdach atá curtha ar fáil ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit.***
***Ní mór an obair 3T a bheith ar barr.***
***Ní ceart obair 3T a chur i mbeartán ná i mbosca.***

# LEATHANACH BÁN